

Cúrsaí Ollscoile

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na cúrsaí ollscoile atá roghnaithe ag daltaí meánscoile i mbliana. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail/ frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh Gaeilge a chur orthu?

- rise
- the number of secondary students
- the construction industry
- pursuit/ appeal
- in the future
- CAO (Central Applications Office)
- a great influence
- sector
- demand

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

A. Seo cuid de na cúrsaí a luadh sa mhír, críochnaigh na focail:

cúrsa ailt _____
cúrsa d _____
cúrsa inn _____
cúrsa teic _____

B. Cén chanúint lena mbaineann na nathanna seo thíos?

achan _____
chóir a bheith _____
dhath ar bith _____

C. Cén leagan atá agat féin de na nathanna sin?

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo:

27% _____
15% _____
12% _____
9% _____
50% _____
74.5 míle _____

2. Cad a bhí le rá ag Triona Uí Mhurchú?

Ceist 4 ‘...go gcaithfidís...’

- A. Cén aimsir atá i gceist leis an sampla thuas?
- B. Féach ar na briathra thíos. Cad iad na difríochtaí idir na briathra sa dá bhosca? Cén fáth?

<u>Caith</u>	<u>Imigh</u>
Chaithfinn	D'imeoinn
Chaithfeá	D'imeofá
Chaithfeadh sé/sí	D'imeodh sé/sí
Chaithfimis	D'imeoimis
Chaithfeadh sibh	D'imeodh sibh
Chaithfidís	D'imeoidís
An gcaithfeadh sé/sí?	An imeofá?
Chaithfeadh/ní chaithfeadh	D'imeoinn/ní imeoinn

- C. Anois, cuir na deirí céanna i bhfeidhm ar na briathra seo **ACH** ná déan dearmad den riail sin ‘caol le caol agus leathan le leathan’.

<u>ÓI</u>	<u>Críochnaigh</u>

Ceist 5 ‘...ina dhiaidh sin...’

1. Féach ar an dá abairt seo agus mínigh na difríochtaí eatarthu:
- ✓ Rachaidh muid chuig scannán amárach agus **i ndiaidh** an scannáin ólfaidh muid caife.
 - ✓ Rachaidh muid chuig scannán amárach agus ólfaidh muid caife **ina dhiaidh sin**.
2. Cad faoi na cinn thíos? Cuir na péirí focal in abairtí leis an difríocht eatarthu a léiriú:

D'ainneoin vs Dá ainneoin
De bharr vs Dá bharr

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth nach raibh an t-éileamh céanna ar chúrsaí a bhain leis an tionscal tógála le linn chúlú eacnamaíochta na tíre, dar leat?
2. Cén fáth a bhfuil tóir arís ar chúrsaí a bhaineann le tionscal na tógála, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

rise - *ardú*

the number of secondary students – *líon na ndaltaí meánscoile*

the construction industry – *tionscal na tógála*

pursuit/ appeal – *tóir*

in the future – *amach anseo*

CAO (Central Applications Office) – *Lár-Oifig Iontrála*

a great influence – *an-tionchar*

sector – *earnáil*

demand – *éileamh*

Ceist 2

A

cúrsa ailtireachta

cúrsa dlí

cúrsa innealtóireachta

cúrsa teicneolaíochta

B. Canúint Uladh

achan

gach/ chuile /na haon

chóir a bheith

nach mór/ beagnach /geall le

dhath ar bith

faic/ tada

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A. An modh coinníollach

B. Tá an briathar ‘caith’ sa chéad réimniú agus críochnaíonn sé le consan caol. Tá an briathar ‘imigh’ sa dara réimniú agus críochnaíonn sé le consan caol freisin.

C.

<u>ÓI</u>	<u>Críochnaigh</u>
D’ólfainn	Chríochnóinn
D’ólfá	Chríochnófá
D’ólfadh sé/sí	Chríochnódh sé/sí
D’ólfaimis	Chríochnóimis
D’ólfadh sibh	Chríochnódh sibh
D’ólfaidís	Chríochnóidís
An n-ólfadh sé?	An gcríochnódh sé?
D’ólfadh/ní ólfadh	Chríochnódh/ní chríochnódh

Ceist 5

1. Tagann athrú ar na réamhfocail chomhshuite nuair a úsáidtear aidiacht thaispeántach (seo agus sin) leo; úsáidtear an tríú pearsa firinsneach (uatha) den aidiacht shealbhach.

2. Chuaigh Seán chun na scoile **d’ainneoin** go raibh sé an-tinn ar maidin. Bhí Seán an-tinn ar maidin. **Dá ainneoin** sin chuaigh sé chun na scoile.

Ní dheachaigh muid ag seoltóireachta inné **de bharr** na drochaimsire.

Bhí drochaimsir ann inné. Ní dheachaigh muid ag seoltóireacht **dá bharr sin**.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Don dara bliain as a chéile tá ardú suas le 15% ar líon na ndaltaí meánscoile a bhfuil iarratas déanta acu ar chúrsaí tríú leibhéal a bhaineann le tionscal na tógála. Léiríonn figiúirí nua ón Lár-Oifig Iontrála go bhfuil níos mó tóra freisin arís i mbliana ar chúrsaí ailtireachta, dlí agus innealtóireachta.

Máire T Ní Mhadaoin

Seo í an láthair thógála is mó i gcathair na Gaillimhe an aimsir seo. Scoil nua á tógáil do ghaelscoil na cathrach, Coláiste na Coirbe. Taispeánann figiúirí nua gur (ag obair) sa tionscal tógála is mó ba mhaith le daltaí Ardeiste na bliana seo a bheith ag obair amach anseo. De réir na bhfigiúirí ón Lár-Oifig Iontrála, i gcás cúrsaí céad rogha, tá ardú 27% ar chúrsaí éagsúla a bhaineann le tógáil agus ardú 15% ar chúrsaí ailtireachta. Ardú 12% atá ar chúrsaí dlí agus is 9% d'ardú atá ar chúrsaí innealtóireachta agus teicneolaíochta. Ní chuireann seo iontas ar mhúinteoirí.

Triona Uí Mhurchú, Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal

Ceapaim go mbíonn an-tionchar ag an eacnamaíocht agus ag cúrsaí eacnamaíochta ar na gasúir agus iad ag roghnú a gcuid cúrsaí. Ní shin le rá gurb é sin an rud is fearr. B'fhearr i bhfad ar bhealach dá mbeadh siad ag díriú isteach ar na rudaí a bhfuil suim acu iontu a gceapann siad go mba mhaith leo a bheith ag obair san earnáil sin, agus ina dhiaidh sin féachaint, mura bhfuil aon fhostaíocht ann, ar ndóigh b'fhéidir go gcaithfidís é sin a athrú.

Máire T Ní Mhadaoin

Tá Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe Mhaigh Eo ar cheann de na Coláistí Tríú Leibhéal a bhfuil éileamh breise ar chuile chúrsa atá acu a bhaineann le tógáil. Le dhá bhliain tá ardú 50% ar an éileamh atá ar chuid de na cúrsaí tógála sa gcoláiste¹ sin, agus cé go raibh an tionscal lagtha go mór le roinnt blianta, bhí tóir áirithe fós ar chúrsaí.

Hugh Boyce, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo

Nuair a bhí mé ag dul fríd an scoil bhí an *recession* achan áit agus bhí sé fríd an tír agus fríd achan eile tír chóir a bheith, agus ní raibh a fhios agam go raibh sé ag dul a athrú nó dhath ar bith mar sin, *so just*, thóg mé an seans ar scor ar bith.

Máire T Ní Mhadaoin

Suas le 74.5 míle iarratas a fuair an Lár-Oifig Iontrála i mbliana uilig. Sin ardú os cionn 1,300 ar anuraidh.

Máire T Ní Mhadaoin, Nuacht TG4.

¹ sa gcoláiste atá i gcanúint Chonnachta; sa choláiste atá sna canúintí eile